# Gné 4: Cleachtas Gairmiúil

## Réamhrá

Féachtar ar ghairmiúlacht an duine sa ghné seo de Bhunchlocha an Churaclaim – ról agus freagracht an chleachtóra i ndail lena c(h)leachtas gairmiúil féin a fhorbairt agus, dá réir sin, tacú níos fearr le foghlaim agus le forbairt an uile linbh. In *Aistear* agus *Síolta* araon, leagtar béim ar na scileanna, ar an eolas agus ar na meonta a chuireann le cleachtas gairmiúil na gcleachtóirí.

> *Má táthar chun cleachtadh ar shlí ghairmiúil is cóir go mbeidh scileanna, eolas, luachanna agus meonta ag daoine a oireann dá ról agus dá bhfreagrachtaí sa suíomh. Ina theannta sin, tá gá le machnamh rialta ar chleachtas agus le forbairt ghairmiúil leanúnach le tacaíocht* (*Síolta*, 2009, lch 79, Caighdeán 11: Cleachtas Gairmiúil).

Ar an gcaoi chéanna, i bprionsabal *Aistear* ar eispéiris ábhartha bhríocha, tagraítear do chumas an duine fhásta machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas.

> *Cabhraíonn measúnú leanúnach ar na nithe a dhéanann, a deir agus a chruthaíonn leanaí, agus machnamh ar na heispéiris sin, cabhraíonn sé le cleachtóirí eispéiris foghlama atá níos oiriúnaí ó thaobh na forbartha de agus a bhfuil níos mó brí leo a phleanáil do leanaí. Cuidíonn sé sin leo freisin feabhas a chur ar a gcleachtas* (*Aistear*, 2009, lch 11).

Trí am agus spás a chur i leataobh le haghaidh forbairt ghairmiúil, machnaimh agus plé, cuirtear ar chumas cleachtóirí díriú ar fhorbairt curaclaim, agus ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí, agus athruithe dearfacha a chur i bhfeidhm sa suíomh.Bíodh is go meastar gur 'ceannaire ar son na foghlama' é gach cleachtóir, aithnítear freisin sa Treoir Chleachtais an ról ar leith a bhíonn ag bainisteoirí agus ceannairí seomra maidir leis an gcleachtas gairmiúil a spreagadh agus tacú leis.

I ngné an Chleachtais Ghairmiúil de Bhunchlocha an Churaclaim, dírítear ar thrí ghné den chleachtas a bhaineann le foghlaim agus le forbairt leanaí mar atá léirithe sa tábla thíos. Tá a bhformhór siúd ábhartha do gach cleachtóir, agus baineann péire díobh go sonrach le bainisteoirí.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Tábla 1: Trí Ghné an Chleachtais Ghairmiúil

| Íomhá agus Ról an Chleachtóra (Gníomhaíochtaí A-B) | Cleachtas machnamhach (Gníomhaíochtaí C-E) | An cheannaireacht ar son na foghlama (Gníomhaíochtaí F-I) |
|---|---|---|
| **A.** Ról Gairmiúil | **C.** Cleachtas machnamhach | **F.** Machnamh ar an gceannaireacht ar son na foghlama |
| **B.** Cleachtas Eiticiúil | **D.** Machnamh ar na meonta, scileanna, inniúlachtaí | **G.** Ceannaire ar son na foghlama |
| | **E.** Deiseanna a shainaithint | **H.** Tacú le hAthruithe |
| | | **I.** Cleachtas gairmiúil a stiúradh |

| Catagóir agus Cuspóir | Teideal na hAcmhainne |
|---|---|
| **Samplaí agus Smaointe don Chleachtas**<br>Léirítear gnéithe éagsúla den Chleachtas Gairmiúil iontu seo. | **Podchraoltaí**<br>Image and role of the practitioner<br><br>What being a professional means to me<br><br>Pedagogical leadership and professional practice<br><br>Supporting others to become professional<br><br>ICT Supporting Reflective Practice<br><br>Skills needed as a professional in early childhood (Birth-6 years)<br><br>Being Intentional in our work; How do we do our best for children in our ECCE programmes (Birth-6 years) |

| Catagóir agus Cuspóir | Teideal na hAcmhainne |
|---|---|
| **Samplaí agus Smaointe don Chleachtas**<br>Léirítear gnéithe éagsúla den Chleachtas Gairmiúil iontu seo. | **Podchraoltaí**<br>Key elements to creating a rich learning environment (Birth-6 years)<br><br>Leaders as passionate engaged educators in the ECCE setting (Birth- 6 years)<br><br>Leaders for Learning- Creating vibrant learning environments for children in the early childhood setting (Birth- 6 years)<br><br>Reflective Practice in Early Childhood Care and Education (Birth-6 years)<br><br>The adult's role in an emergent and inquiry-based curriculum (Birth-6 years)<br><br>Documentation: Why and how? (Birth-6 years)<br><br>My experience of working with Better Start (Birth-3 years)<br><br>My experience of using Aistear (Birth-6 years)<br><br>My experience of the Síolta Quality Assurance Programme (3-6 years)<br><br>My experience of using Aistear (3-6 years)<br><br>My experience of working with Better Start (3-6 years)<br><br>My experience of using the Aistear Síolta Practice Guide (3-6 years) |
| **Uirlis Phleanáil Ghníomhaíochta**<br>Cabhróidh sé seo le cleachtóirí ullmhú d'athruithe i ngnéithe áirithe den Chleachtas Gairmiúil. | Cleachtas Gairmiúil: Teimpléad Pleanáil Ghníomhaíochta |


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs